CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

# PREASEISIÚINT Uimh. 158/24

**Lucsamburg, 4 Deireadh Fómhair 2024**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-4/23 | [Mirin] [1]

## Is ionann diúltú Ballstáit aitheantas a thabhairt d'athrú céadainm agus inscne a rinneadh go dleathach i mBallstát eile agus sárú ar chearta shaoránaigh an Aontais

Cláraíodh saoránach Rómánach tráth a bhreithe sa Rómáin mar bhaineannach.

Tar éis dó bogadh chuig an Ríocht Aontaithe in 2008, bhain sé náisiúntacht na Ríochta Aontaithe amach agus náisiúntacht na Rómáine á coimeád aige. Bhí sé ina chonaí sa tír sin, in 2017, nuair a d'athraigh sé a chéadainm agus a theideal ó bhaineann go fireann, agus in 2020, nuair a fuair sé aitheantas dlíthiúil dá fhireannacht.

I mí na Bealtaine 2021, bunaithe ar dhá dhoiciméad a fuarthas sa Ríocht Aontaithe ina ndeimhnítear na hathruithe sin, d'iarr an saoránach ar udaráis riaracháin na Romáine na tagairtí maidir lena athrú céadainm, inscne agus uimhreach aitheantais pearsanta a iontráil ina theastas breithe ionas go mbeadh siad mar an gcéanna leis an inscne fhireann. Chomh maith leis sin, d'iarr sé orthu teastas breithe nua a eisiúint dó lena n-áireofaí na sonraí nua sin.

Mar sin féin, dhiúltaigh údaráis na Romáine do na hiarratais sin agus d'iarr siad air nós imeachta nua a thionscnamh chun a fhéiniúlacht inscne a athrú os comhair na gcúirteanna Rómánacha. Agus é ag brath ar a cheart gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát, d'iarr an saoránach lena mbaineann ar chúirt i mBúcairist go n-athrófaí a theastas breithe ionas go mbeadh sé i gcomhréir lena chéadainm nua agus lena fhéiniúlacht inscne nua, a athnaítear go cinnte sa Ríocht Aontaithe.

Fiafraíonn an chúirt sin ar an gCúirt Bhreithiúnais an bhfuil an reachtaíocht náisiúnta ar a bhfuil cinneadh diúltaithe údaráis na Rómáine bunaithe i gcomhréir le dlí an Aontais agus an bhfuil aon tionchar ag Brexit [2] ar an díospóid.

Chinn an Chúirt go bhfuil **reachtaíocht de chuid Ballstáit a dhiúltaíonn aitheantas a thabhairt d'athrú céadainm agus féiniúlachta inscne a fuarthas go dleathach i mBallstát eile**, an Ríocht Aontaithe sa chás seo, **agus na sonraí sin a iontráil i dteastas breithe náisiúnaigh**, **ar neamhréir le dlí an Aontais**. **Tá feidhm aige sin freisin má rinneadh an iarraidh ar aitheantas i leith an athraithe sin tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas**.

Ar an gcéad dul síos, tugann an Chúirt faoi deara gur tharla an t-athrú ar chéadainm agus an t-athrú ar fhéiniúlacht inscne ag bunús na díospóide roimh Brexit agus le linn na hidirthréimhse ina dhiaidh sin faoi seach. Ní mór a mheas, dá bhrí sin, go bhfuarthas an t-athrú sin i mBallstát den Aontas. Cé nach Ballstát den Aontas í an Ríocht Aontaithe a thuilleadh, ní dhéanann sé sin difear do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais sa chás seo.

Míníonn an Chúirt ansin go gcuireann **diúltú Ballstáit aitheantas a thabhairt d'athrú ar fhéiniúlacht inscne a fuarthas go dleathach i mBallstát eile bac ar fheidhmiú an chirt chun saorghluaiseachta agus cónaithe.** Tá inscne, cosúil le céadainm, ina gné bhunúsach d'fhéiniúlacht phearsanta. D'fhéadfadh an éagsúlacht idir féiniúlachtaí a eascraíonn as diúltú aitheantais den chineál sin a bheith ina cúis le deacrachtaí maidir le féiniúlacht an duine a chruthú sa saol laethúil, chomh maith le bacanna tromchúiseacha gairmiúla, riaracháin agus príobháideacha.

Ar deireadh, chinn an Chúirt **nach bhfuil údar leis an diúltú aitheantais sin nó leis an oibleagáid a chuirtear ar an duine lena mbaineann nós imeachta nua a thionscnamh chun a fhéiniúlacht inscne a athrú sa Bhallstát baile**, rud a fhágann go bhfuil **baol** ann don saoránach sin go n-eascródh **toradh as nach ionann** é agus an toradh arna ghlacadh ag údaráis an Bhallstáit a dheonaigh an t-athrú sin ar an gcéadainm agus ar an bhféiniúlacht inscne go dleathach. Sa chomhthéacs sin, cuireann sí in iúl freisin go leanann sé ó chásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine go gceanglaítear ar Stáit foráil a dhéanamh maidir le nós imeachta soiléir intuartha le haghaidh aitheantas dlíthiúil ar fhéiniúlacht inscne lena gceadaítear athrú gnéis.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, más iomchuí, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar 'Europe by Satellite' ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Tionscnaíodh an nós imeachta um athrú inscne sa Ríocht Aontaithe sular tharraing an Stát sin siar as an Aontas Eorpach, ach tháinig deireadh leis tar éis an tarraingt siar sin, le linn na hidirthréimhse.